Gaeilge nó Béarla?

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi úsáid na Gaeilge i gComhairle Chontae na Gaillimhe. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

cruinnithe	ateangaireacht	cluasáin
i mbaol	aistriúchán	comhairleoir contae

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén teanga a úsáideann siad ag cruinnithe sa Chomhairle Contae i nGaillimh?

2. Cad a theastaíonn ón gcomhairleoir Tiernan Walsh?

3. An aontaíonn an comhairleoir James Joyce leis?

4. Cad a cheapann na comhairleoirí eile?

Ceist 3 Féach ar na habairtí thíos:

'*Ceapann* sé gur cheart do chomhairleoirí iompú ar an mBéarla.'
'*Cuireann* an Chomhairle Contae seirbhís ateangaireachta ar fáil.'

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. _____ sé ceithre uair a chloig tiomáint ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath. (tóg)

2. _____ Máire trí chupán caife gach maidin. (ól)

3. Nuair a bhíonn an obair bhaile déanta, _____ na páistí ar an teilifís. (féach)

4. _____ Pól ag a leathuair tar éis a seacht gach lá. (éirigh)

5. Má thiteann gloine ar an urlár, _____ sé. (bris)

6. _____ Bríd ticéad don Chrannchur Náisiúnta gach Céadaoin. (ceannaigh)

Ceist 4 Féach ar na habairtí thíos:

‘Tá *seirbhís ateangaireachta* ar fáil sa Chomhairle Contae.’
‘Níl an *comhairleoir contae* Tiernan Walsh sásta.’

An féidir leat na colúin thíos a cheangal? Tá dhá cheann déanta duit.

1	seirbhís	a	contae
2	comhairleoir	b	saoire
3	clár	c	oráiste
4	buidéal	d	tae
5	teach	e	fíona
6	fear	f	póca
7	cupán	g	ateangaireachta
8	leabhar	h	gnó
9	fón	i	codlata
10	sú	j	ama
11	seomra	k	báistí
12	cóta	l	nótaí

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
g	a										

Ceist 5 Féach ar an abairt thíos:

‘Is féidir le comhairleoirí labhairt *i nGaeilge* nó *i mBéarla*.’

Anois críochnaigh na habairtí thíos. Cuir urú ar na focail idir lúibíní más féidir.

1. Níor thuig mé an scannán mar bhí sé i _____. (Gearmáinis)

2. Bhí fógra sa siopa agus bhí sé i _____. (Polainnis)

3. Sa rang Fraincise, labhraíonn an múinteoir i _____. (Fraincis)

4. Sa Phortaingéil, bíonn na nuachtáin i _____. (Portaingéilis)

5. Labhair an bhean liom i _____ ach níor thuig mé í. (Fionnlainnis)

6. Bhí mé i siopa sa Ghréig agus dúirt mé cúpla focal i _____. (Gréigis)

Ceist 6 An aontaíonn tú leis an gomhairleoir Tiernan Walsh? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

cruinnithe - *meeetings*
ateangaireacht - *interpreting*
cluasáin - *earphones*
i mbaol – *in danger*
aistriúchán - *translation*
comhairleoir contae – *county councillor*

Ceist 2

1. Gaeilge nó Béarla. Tá seirbhís ateangaireachta ar fáil.

2. Teastaíonn uaidh go labhróidh comhairleoirí i mBéarla má bhíonn rudaí á bplé a bhfuil suim ag gach uile dhuine iontu.

3. Ní aontaíonn. Tá áthas air go bhfuil cluasáin ann agus gur féidir le daoine iad a úsáid más mian leo. Mura mian leo iad a úsáid, is iad féin a bhéas thíos leis.

4. Deir formhór na gcomhairleoirí go n-úsáideann siad na cluasáin. Tá roinnt eile a deir go bhfuil siad sásta lena gcuid Gaeilge féin agus nach dteastaíonn aistriúchán uathu.

Ceist 3

1. tógann
2. ólann
3. féachann
4. éiríonn
5. briseann
6. ceannaíonn

Ceist 4

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
g	a	j	e	b	h	d	l	f	c	i	k

Ceist 5

1. i nGearmáinis
2. i bPolainnis
3. i bhFraincis
4. i bPortaingéilis
5. i bhFionnlainnis
6. i nGréigis

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tá caint tarraingthe ag comhairleoir contae amháin i nGaillimh mar go gceapann sé gur cheart do chomhairleoirí a labhraíonn i nGaeilge iompú ar an mBéarla má bhíonn rudaí á bplé i nGaeilge a mbeadh suim ag gach uile dhuine iontu. Tiernan Walsh a dúirt é seo cé go bhfuil seirbhís ateangaireachta ar fáil ag cruinnithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Dúirt an Comisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, go mbeidh an Ghaeilge i mbaol má thosaítear ag cur teorann le húsáid na Gaeilge ag cruinnithe. Tá tuilleadh faoin scéal ag Áine Lally.

Áine Lally

Le roinnt blianta anuas tá rogha tugtha do chomhairleoirí chontae na Gaillimhe a gcuid cainte a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge ag cruinnithe de chuid na Comhairle. Tá seirbhís ateangaireachta ar fáil anseo in Áras an Chontae ach ní gach uile dhuine atá ag iarraidh na cluasáin a chur orthu ar mhaithe le haistriúchán Béarla a fháil. Níl sé de chleachtadh ag an gcomhairleoir contae Tiernan Walsh na cluasáin a úsáid ag cruinnithe[1] de chuid Comhairle Contae na Gaillimhe mar, a deir sé, go hiondúil is gnó a bhaineann le ceantair eile agus ní a cheantar féin a bhíonn á phlé i nGaeilge. Níl sé i gcoinne na Gaeilge agus deir sé go bhfuil sé de cheart ag daoine Gaeilge a labhairt ag na cruinnithe más mian leo. An pointe atá aige ná más rud é go bhfuil na comhairleoirí contae a labhraíonn Gaeilge ag iarraidh pointe a dhéanamh dósan, ba cheart go ndéarfaidís i mBéarla é. Ní aontaíonn gach uile chomhairleoir contae leis seo.

James Joyce

Má tá duine ag labhairt i nGaeilge, is leor sin. Ní dóigh liomsa go mba cheart dóibh..... go mbeadh orthu labhairt i mBéarla ina dhiaidh. Níl aon deacracht agamsa leis na cluasáin sa Chomhairle Contae. Tá áthas orm go bhfuil siad ann agus gur féidir le daoine iad a úsáid más mian leo agus mura mian leo iad a úsáid, bhuel, is iad féin a bhéas thíos leis.

Áine Lally

Inniu dúirt an Coimisinéir Teanga gur mionlach beag an dream a chuireann i gcoinne na Gaeilge ag cruinnithe. Níor cheart, a deir Seán Ó Cuirreáin, tosnú a dhéanamh ar theorannú ar an nGaeilge mar go gcuireann sé sin an teanga ar an imeall agus i mbaol. De réir suirbhé atá déanta ag an bpáipéar *Lá Nua*, deir formhór na gcomhairleoirí contae i nGaillimh go n-úsáideann siad na cluasáin. Tá roinnt eile a deir go bhfuil siad sásta lena gcuid Gaeilge féin agus nach dteastaíonn aistriúchán uathu.

Áine Lally, Nuacht TG4, i gcathair na Gaillimhe

[1] *cruinneachaí* a deirtear sa mhír